# Cur chuige cuntasaíochta maidir le Deontais Covid

**(Rinneadh an nuashonrú is deireanaí ar an gcáipéis seo i Lúnasa 2024)**

## 1. Réamhrá

Chuir an Roinn Oideachais deontais ar fáil chun leathadh Covid 19 a íoslaghdú.

Úsáideadh an Deontas i leith an chostais a bhaineann le glantóir agus/nó comhlacht glantacháin ar conradh a fhostú chun uaireanta breise glantacháin i dtaca le Covid a dhéanamh díghalrán agus soláthairtí eile trealaimh cosanta pearsanta (PPE) a cheannach.

## 2. Cur Chuige Cuntasaíochta

Leagtar amach thíos na cóid ainmniúla atá le húsáid chun cuntas a thabhairt ar an deontas a fuarthas, caiteachas an deontais agus aon iarmhéid nár caitheadh.

Tabhair do d'aire: Ba é Deontas Caipitíochta Covid-19 agus PPE an ceann deireanach i leith Covid a fuair na scoileanna, deontas a cuireadh ar fáil le haghaidh na scoilbhliana 2022/2023. Don scoilbhliain 2024/2025 ar aghaidh, rinneadh na cuntais ainmniúla ioncaim agus caiteachais i leith Covid-19 a bhaint ó chairt na gcuntas, ach amháin i gcás na gcód ainmniúil a bhaineann le mionoibreacha Covid, ó tharla nach bhfuil siad sin ábhartha a thuilleadh.

### 2.1 An t-am a fuarthas ioncam an deontais

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Deontas Caipitíochta COVID le haghaidh Glantacháin agus Trealaimh Cosanta Phearsanta faighte | DR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |
| | CR | 2186 | Deontas Caipitíochta COVID le haghaidh Glantacháin agus Trealamh Cosanta Pearsanta gan Chaitheamh<br>Dliteanas Reatha |

**2.2 Nuair a úsáidtear an Deontas Caipitíochta Covid do Ghlantachán agus Trealamh Cosanta Pearsanta le haghaidh glantacháin agus Caiteachais Trealaimh Cosanta Pearsanta**

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| An caiteachas a thaifeadadh faoin gcatagóir chaiteachais lena mbaineann an deontas | DR | 5804 | Deontas Caipitíochta COVID le haghaidh Costais Pá Glantacháin |
| | DR | 5806 | Deontas Caipitíochta COVID le haghaidh Costais Glantacháin (nach mbaineann le pá) agus Trealaimh Cosanta Phearsanta (PPE) Costas |
| | CR | 1800 | Cuntas Reatha 1 Sócmhainn Reatha |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Deontas Covid a thaifeadadh sa chuntas Ioncaim & Caiteachais | DR | 2186 | Deontas Caipitíochta COVID le haghaidh Glantacháin agus Trealamh Cosanta Pearsanta gan Chaitheamh Dliteanas Reatha |
| | CR | 3288 | Deontas Caipitíochta COVID le haghaidh Glantacháin agus Trealamh Cosanta Pearsanta Ioncam |

**NB:** Iarrtar ar scoileanna an t-iarmhéid den deontas Covid nár caitheadh a sheoladh ar ais chuig an Roinn Oideachais faoi dheireadh Mheán Fómhair 2023.
Tabhair do d'aire - Ní bhaineann an riachtanas seo leis an Deontas Mionoibreacha Covid.